

An Bhruiséil, 9 Iúil 2026
(OR. en)

11697/26
ADD 1

STATIS 60
DELECT 109
COMPET 939

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 5011 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) .../... ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5011 annex.

Faoi iamh: C(2026) 5011 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
C(2026) 5011 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún

lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha

{SWD(2026) 500 final}

IARSCRÍBHINN I

Clár Ábhar

Cuspóir an Chaighdeáin seo agus na gnóthais a bhfuil feidhm aige maidir leo	2
Struchtúr an Chaighdeáin seo	2
Prionsabail maidir le hullmhú na tuarascála inbhuanaitheachta (Bunmhodúl agus Modúl Cuimsitheach)	3
Bunmhodúl	5
Bunmhodúl – Faisnéis ghinearálta	5
B1 – An bunús leis an ullmhú	5
B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe	6
Bunmhodúl – Méadracht Chomhshaoil	6
B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa	6
B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach	7
B5 – Bithéagsúlacht	7
B6 – Uisce	7
B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola	7
Bunmhodúl – Méadracht shóisialta	7
B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta	7
B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht	7
B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint	8
Bunmhodúl – Méadracht rialachais	8
B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht	8
Modúl cuimsitheach	8
Modúl cuimsitheach – Faisnéis ghinearálta	8
C1 – Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara	8
C2 – Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe	9
Modúl Cuimsitheach – Méadracht chomhshaoil	9
Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)	9
C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide	9
C4 – Rioscaí aeráide	10
Modúl cuimsitheach – Méadracht shóisialta	10
C5 – Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair	10
C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair dílis féin - Beartais agus próisis um chearta an duine	10
C7 – Teagmhais maidir le cearta an duine	11
Modúl cuimsitheach – Méadracht rialachais	11
C8 — Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe	11
C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais	12
Foscríbhinn A: Téarmaí sainmhínithe	13
Foscríbhinn B: Liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha	21
Foscríbhinn C: Faisnéis chúlra le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar úsáideoirí na faisnéise iad a tháirgtear tríd an gCaighdeán seo a úsáid (réiteach le rialacháin eile an Aontais Eorpaigh)	23

Cuspóir an Chaighdeáin seo agus na gnóthais a bhfuil feidhm aige maidir leo

1. Is é is cuspóir don chaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta seo le haghaidh úsáid dheonach ('Caighdeán Deonach') tacú le gnóthais nach bhfuil faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta i ngach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) faisnéis a sholáthar a chuideoidh le riachtanais sonraí gnóthas atá faoi réir ceanglais tuairiscithe éigeantacha faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir Chuntasaíochta)¹ a chomhlíonadh, lena n-iarrtar faisnéis inbhuanaitheachta ó ghnóthais ar a slabhra luacha;
 - (b) faisnéis a sholáthar a bheidh ina cuidiú le riachtanais sonraí na mbanc agus na n-infheisteoirí a shásamh, agus dá bhrí sin, a bheidh ina cuidiú le gnóthais teacht ar mhaoiniú;
 - (c) feabhas a chur ar bhainistiú na saincheisteanna inbhuanaitheachta atá os a gcomhair, i.e. dúshláin chomhshaoil agus shóisialta amhail truailliú, sláinte agus sábháilteacht an lucht saothair. Tacóidh sé sin lena bhfás iomaíoch agus feabhsóidh sé a n-athléimneacht sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma;
 - (d) rannchuideoidh sé le geilleagar níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí.
2. Is caighdeán deonach é an Caighdeán seo. Tá sé beartaithe i gcás gnóthais² nach bhfuil níos mó ná 1 000 *fostaí* ar an meán acu ar dhátaí a gcláir chomhardaithe le linn na bliana airgeadais roimhe sin.
3. Cumhdaítear leis an gCaighdeán seo na saincheisteanna céanna inbhuanaitheachta agus a chumhdaítear leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRSanna)³. Mar sin féin, tá sé comhréireach agus dá bhrí sin cuirtear san áireamh leis acmhainneachtaí agus saintréithe bunúsacha na ngnóthas ar dóibh a bhfuil sé beartaithe, lena n-áirítear micreaghnóthais.
4. Rinneadh breithniú go cúramach ar chomhsheasmhacht le Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais mhóra agus an Caighdeán seo á ullmhú, agus ceanglais chomhréireacha á sainiú. Ní fhorchuirtear leis an gCaighdeán seo oibleagáidí tuairiscithe dlíthiúla, murab ionann agus Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta
5. Is féidir le gnóthais rochtain a fháil ar fhaisnéis phraiticiúil faoi chur i bhfeidhm an Chaighdeáin Dheonaigh seo ar shuíomh gréasáin agus Mol Eolais an Ghrúpa Comhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais. Leis na hacmhainní sin, soláthraítear treoraíocht agus tacaíocht, lena n-áirítear teimpléid ábhartha, maidir leis an gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta sin.

Struchtúr an Chaighdeáin seo

6. Tá dhá mhodúl ag an gCaighdeán seo is féidir leis an ngnóthas a úsáid chun a thuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú:

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Teoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>). Áiríodh ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta i dTreoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach nó TTCI) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj>), agus arna leasú le Treoir (EU) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 (Treoir Omnibus I) (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj>).

² Áirítear sa mhéid sin gnóthais fhéinfhostaithe, neamhchorpraithe agus micreaghnóthais liostaithe.

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj), arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) xxxx/xxxx ón gCoimisiún an xxx lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáincaighdeán Eorpach maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú (IO L, xxxx/xxxx) (Caighdeán Eorpach maidir le tuairisciú um inbhuanaitheacht athbheithnithe). [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir, dáta, tagairt IO agus uimhir ELI Rialachán Tarmligthe C(2026) 5010].

- (a) **Bunmhodúl:** Nochtaí B1 agus B2 agus Bunmhéadracht (B3 go B11). Is é an modúl seo an cur chuige sprice do mhicreaghnóthais, agus tá sé ina íoscheanglas do ghnóthais eile; agus
- (b) **Modúl Cuimsitheach:** socraítear sa mhodúl seo pointí sonraí sa bhreis ar nochtaí B1-B11, ar dócha go n-iarrfaidh bainc, infheisteoirí agus cliaint chorpáraídeacha an ghnóthais iad anuas ar an mBunmhodúl.

Le mír 27 thíos, léirítear na roghanna atá ar fáil chun tuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú trí úsáid á baint as an gCaighdeán seo trí cheann amháin den dá mhodúl sin a ghlacadh.

7. Réamhcheanglas is ea é an Bunmhodúl a chur i bhfeidhm chun an Modúl Cuimsitheach a chur i bhfeidhm.
8. Sa chaighdeán seo, tá cineálacha éagsúla pointí sonraí, lena n-áirítear pointí sonraí fíor-riachtanacha nach mór do ghnóthas a thuairisciú agus an caighdeán á chur i bhfeidhm aige, pointí sonraí nach bhfuil gá leo ach amháin in imthosca sonraithe áirithe faoi réir an phrionsabail ‘más infheidhme’ a bhfuil tuairisc faoi i mír 15, pointí sonraí atá deonach, agus pointí sonraí nach bhfuil le cur san áireamh ach amháin agus faisnéis earnáilsonrach á tuairisciú. Chun a áirithiú go bhfuil an caighdeán comhréireach le haghaidh gnóthais ar mhéideanna éagsúla, tá roinnt pointí sonraí deonach le haghaidh gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu, cé gur pointí sonraí fíor-riachtanacha iad le haghaidh gnóthais eile a chuireann an caighdeán i bhfeidhm. Úsáidtear téacs idir lúbíní cearnacha sa chaighdeán chun cásanna den sórt sin a shainaithint.
9. Le Foscríbhinn A *Téarmaí sainmhínithe*, Áirítear na sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Chaighdeán seo. Ar fud an Chaighdeáin Deonaigh, socraítear na téarmaí a shainmhínítear sa ghluais sainmhínithe (Foscríbhinn A) **i gcló trom iodálach**, seachas i gcás ina n-úsáidtear téarma sainmhínithe níos mó ná uair amháin sa mhír chéanna.

Prionsabail maidir le hullmhú na tuarascála inbhuanaitheachta (Bunmhodúl agus Modúl Cuimsitheach)

Comhlíonadh an Chaighdeáin seo

10. Socraítear leis an gCaighdeán seo ceanglais lena gceadaítear don ghnóthas faisnéis ábhartha a chur ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) an chaoi a raibh, agus an chaoi ar dócha go mbeidh **tionchar** dearfach nó diúltach ar dhaoine nó ar an gcomhshaol sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma;
 - (b) an chaoi a ndearna saincheisteanna comhshaoil agus sóisialta difear, nó an chaoi ar dócha go ndéanfaidh siad difear dá staid airgeadais, dá fheidhmíocht agus dá sreafaí airgid sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma.
11. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis atá ábhartha, dílis, inchomparáide, intuigthe agus infhíoraithe.
12. Ag brath ar an gcineál gníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas, is iomchuí faisnéis bhreise a chur san áireamh (méadracht agus/nó nochtaí insinte) nach bhfuil cumhdaithe sa Chaighdeán seo chun faisnéis inbhuanaitheachta maidir le saincheisteanna atá coitianta in earnáil an ghnóthais a nochtadh (i.e. saincheisteanna ar gnách le gnóthais nó eintitis laistigh de thionscal nó réimse sonrach aghaidh a thabhairt orthu) nó a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas féin, óir is tacú é sin le faisnéis ábhartha, dhílis, inchomparáide, intuigthe agus infhíoraithe a ullmhú. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) Scóip 3 (féach míreanna 49 go 52 den Chaighdeán seo). I bhFoscríbhinn B tugtar liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha.
13. Féadfaidh an gnóthas an mhéadracht ón mBunmhodúl agus ón Modúl cuimsitheach a chomhlánú le faisnéis bhreise cháilíochtúil agus/nó chainníochtúil i gcás inarb iomchuí i gcomhréir le mír 12 thuas.

Faisnéis chomparáideach

14. Ón dara bliain den tuairisciú, tuairisceoidh an gnóthas faisnéis chomparáideach i dtaca leis an mbliain roimhe seachas i gcás méadracht a nochtar den chéad uair.

An prionsabal ‘más infheidhme’

15. Ní bheidh feidhm ag nochtaí áirithe ach maidir le himthosca sonracha⁴. Go sonrach, is leis na teoracha a thugtar i ngach nochtheadh a shonraítear na himthosca sin agus an fhaisnéis atá le tuairisciú i gcás ina measann an gnóthas iad a bheith ‘infheidhme’, agus sa chás sin amháin. Nuair a fhágtar ceann de na nochtaí sin ar lár, glactar leis nach bhfuil sé infheidhme.

Fochuideachtaí a áireamh sna sonraí tuairiscithe

16. Más máthairchuideachta den ghrúpa é an gnóthas, moltar go n-ullmhóidh sé a thuarascáil inbhuanaitheachta ar bhonn comhdhlúite, agus faisnéis óna fochuideachtaí a chur san áireamh freisin.
17. Más ar bhonn comhdhlúite atá a thuarascáil inbhuanaitheachta ullmhaithe ag an máthairghnóthas, agus faisnéis óna fochuideachtaí a chur san áireamh freisin, díolmhaítear na foghnóthais ón tuairisciú.

Uainiú agus suíomh na tuarascála inbhuanaitheachta

18. Má ullmhaítear tuarascáil inbhuanaitheachta chun riachtanais gnóthas mór nó banc a dteastaíonn uasdátú uathu ar bhonn bliantúil, is ar bhonn bliantúil a ullmhófar í. Má ullmhaíonn an gnóthas ráitis airgeadais, ullmhófar an tuarascáil inbhuanaitheachta trí thagairt a dhéanamh do thréimhse ama atá comhsheasmhach le hullmhú an ráitis airgeadais. Murar athraíodh na pointí sonraí ón mbliain tuairiscithe roimhe, féadfaidh an gnóthas a thabhairt le fios nár tharla aon athrú, agus tagairt a dhéanamh don fhaisnéis a chuirtear ar fáil don phointe sonraí sonracha sin i dtuarascáil na bliana roimhe.
19. Má ullmhaíonn an gnóthas Ráiteas Comhshaoil de réir Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 (EMAS)⁵, féadfaidh sé nochtaí a éilíonn EMAS agus an caighdeán deonach sin a chur i láthair in aon tuarascáil amháin. Sa chás sin, ní dhéanfar na nochtaí is coiteann do EMAS agus don chaighdeán deonach a thiolacadh ach aon uair amháin.
20. Is é is príomhfheidhm don tuarascáil sin eolas a thabhairt do chontrapháirtithe gnó iarbhir nó féideartha. Féadfaidh an gnóthas cinneadh a dhéanamh a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur ar fáil don phobal. Sa chás sin, féadfaidh an gnóthas a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur i láthair i roinn ar leithligh den tuarascáil bainistíochta más ann di. Seachas sin, féadfaidh an gnóthas a thuarascáil inbhuanaitheachta a chur i láthair mar dhoiciméad ar leithligh.
21. Ionas nach bhfoirseofar an fhaisnéis chéanna faoi dhó, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh ina thuarascáil inbhuanaitheachta do nochtaí arna bhfoilsíú i ndoiciméid eile ar féidir teacht orthu i gcomhthráth leis an tuarascáil inbhuanaitheachta agus ón doiciméad céanna⁶.

Faisnéis a fhágáil amach

22. Agus faisnéis á nochtheadh faoin gCaighdeán seo, féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár:
- (a) i gcásanna eisceachtúla, faisnéis a dhéanfaidh dochar tromchúiseach do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfáí í;
 - (b) faisnéis a chomhfhreagraíonn do chaipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó, faisnéis theicneolaíoch, nó torthaí na nuálaíochta, a cháilíonn mar **rún trádála**;
 - (c) **Faisnéis rúnaicmithe**;
 - (d) faisnéis eile atá le cosaint ar rochtain nó ar nochtheadh neamhúdairithe mar gheall ar oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó sa dlí náisiúnta, nó chun príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó slándáil duine dhlítheanaigh a choimirciú.

⁴Mar shampla, an ceanglas dlíthiúil chun faisnéis shonrach a nochtheadh, nó faisnéis shonrach a nochtheadh go deonach cheana féin trí Chóras Bainistíochta Comhshaoil.

⁵Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaoirlach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 agus Cinntí 2001/681/CE agus 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1221/oj>).

⁶Agus an Teimpléad Digiteach (a sholáthraítear ar leathanach gréasáin EFRAG) á úsáid chun meaisín digiteach agus tuarascáil inbhuanaitheachta atá inléite ag an duine a ullmhú, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh do nochtaí a fhoilsítear i ndoiciméid eile seachas don tuarascáil inbhuanaitheachta trí úsáid a bhaint as corprú de réir tagairtí. Déantar tagairt den sórt sin trí uimhir leathanaigh na foinse ábhartha agus an doiciméid fhoinsigh féin (e.g. PDF nó XHTML) a áireamh mar chuid den tuarascáil dhigiteach.

Ní fhéadfaidh an gnóthas faisnéis a fhágáil ar lár faoin gcéad fhomhír ach amháin má chomhlíonann sé na coinníollacha uile seo a leanas:

- i. i gcás gach pointe sonraí a fágadh ar lár, nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine sin (de bhun phointe (b) faoi nochtadh B1 i mír 27); agus
- ii. go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí.

Comhleanúnachas agus naisc le nochtaí sna ráitis airgeadais

23. Má ullmhaíonn an gnóthas ráitis airgeadais freisin, is mar a leanas a bheidh an fhaisnéis a sholáthraítear ina tuarascáil inbhuanaitheachta a chomhlíonann an Caighdeán seo:

- (a) beidh sí comhleanúnach leis an méid a thuairiscítear sna ráitis airgeadais don tréimhse chéanna;
- (b) cuirfear i láthair í ar bhealach a fhágann gur fusa a bheidh sé tuiscint a chur ar na naisc atá ann leis an bhfaisnéis a thuairiscítear sna ráitis airgeadais, mar shampla trí úsáid a bhaint as crostagairtí iomchuí.

Bunmhodúl

24. Tuairisceoidh an gnóthas ar a shaincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus *iompair gnó* (ar a dtugtar ‘saincheisteanna inbhuanaitheachta’) trí úsáid a bhaint as nochtaí B1 go B11 thíos.
25. Más mian leis an ngnóthas faisnéis níos cuimsithí a sholáthar a luaithe a bheidh na nochtaí a cheanglaítear ó B1 go B11 tugtha i gcrích aige, féadfaidh sé tuairisciú freisin ar nochtaí a roghnaítear ón Modúl cuimsitheach.
26. Tá treoraíocht bhreise maidir le nochtaí B1 go B11 ar fáil ar shuíomh gréasáin agus Mol Eolais an Ghrúpa Comhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais.

Bunmhodúl – Faisnéis ghinearálta

B1 – An bunús leis an ullmhú

27. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

- (a) cé na roghanna seo a leanas a roghnaigh sé agus ráiteas sainráite a dhéanamh maidir le comhlíonadh an chaighdeáin dheonaigh seo trí úsáid a bhaint as an rogha roghnaithe:
 - i. ROGHA A: Bunmhodúl (amháin);
 - ii. ROGHA B: Bunmhodúl agus Modúl cuimsitheach;

Comhlíonfar modúl ina iomláine. Mar sin féin, níl mír nochta faoin ‘bprionsabal is infheidhme’ le tuairisciú ach amháin má mheastar go bhfuil na himthosca a shonraítear sa nochtadh infheidhme maidir leis an ngnóthas. Dá bhrí sin, má fhágtar mír nochta ‘más infheidhme’ ar lár, glactar leis nach bhfuil an mhír sin infheidhme maidir leis an gnóthas (mír 15).

- (b) má d’fhág an gnóthas nochtadh ar lár i gcomhréir le mír 22 maidir le faisnéis a fhágáil ar lár, léireoidh an gnóthas na nochtaí a d’fhág sé ar lár.
- (c) cé acu a ullmhaíodh an tuarascáil inbhuanaitheachta ar bhonn aonair (i.e. tá an tuarascáil teoranta d’fhaisnéis an ghnóthais amháin) nó ar bhonn comhdhlúite (i.e. áirítear faisnéis leis an tuarascáil faoin ngnóthas agus faoina fhochuideachtaí);
- (d) i gcás tuarascáil inbhuanaitheachta chomhdhlúite, an liosta fochuideachtaí, lena n-áirítear a seoladh poist cláraithe⁷, a chumhdaítear sa tuarascáil; agus
- (e) an fhaisnéis seo a leanas:
 - i. foirm dhlíthiúil an ghnóthais;
 - ii. Cód (cóid) aicmiúcháin eanála NACE;
 - iii. méid an chláir chomhardaithe (an líon sócmhainní in aonaid airgeadaíochta);

⁷Is é an seoladh poist cláraithe seoladh poist oifigiúil an ghnóthais.

- iv. láimhdeachas (in aonaid airgeadaíochta);
- v. líon na **bhfostaithe** de réir líon na ndaoine nó líon na gcoibhéisí lánaimseartha;
- vi. tír príomhoibríochtaí agus suíomh sócmhainní suntasacha; agus
- vii. geoshuíomh **láithreán** atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige nó atá á bhainistiú aige.

28. Má fuair an gnóthas aon deimhniú nó lipéad i ndáil le hinbhuanaitheacht, soláthróidh sé tuairisc ghairid air (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, eistheoirí an deimhniúcháin nó an lipéid, dáta agus scór rátála).

B2 – Cleachtais, beartais agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

29. Má tá **cleachtais** shonracha, **beartais** nó tionscnaimh amach anseo chun aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag an ngnóthas, luafaidh sé amhlaidh. I gcásanna dá sórt, luafaidh an gnóthas cé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas aige:
- (a) Féadfar a áireamh leis na cleachtais sa chomhthéacs sin, mar shampla, iarrachtaí chun tomhaltas uisce agus leictreachais an ghnóthais a laghdú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó chun truailliú a chosc, agus tionscnaimh chun sábháilteacht táirgí a fheabhsú chomh maith le tionscnaimh reatha chun dálaí oibre a fheabhsú agus cóir chomhionann a ghnóthú sa láthair oibre, agus comhpháirtíochtaí atá bainteach le tionscadail inbhuanaitheachta;
 - (b) beartais maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta, cé acu atá nó nach bhfuil siad ar fáil go poiblí, agus aon bheartas comhshaoil, sóisialta nó **rialachais** ar leithligh chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheist inbhuanaitheachta;
 - (c) aon tionscnamh a bheidh ann amach anseo nó plean réamhbhreathnaitheach atá á chur chun feidhme maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta; agus
 - (d) **spriocanna** chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas.
30. Áirítear le **cleachtais**, **beartais** agus tionscnaimh den sórt sin a bheidh ann amach anseo an méid a dhéanfaidh an gnóthas lena **thionchair** dhiúltacha a laghdú agus lena thionchair dhearfacha ar dhaoine agus ar an gcomhshaol a fheabhsú, d'fhonn rannchuidiú le geilleagar níos inbhuanaithe. I bhFoscibhinn B tugtar liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha a d'fhéadfaí a chumhdach sa nochtadh seo.
31. Má thuairiscíonn an gnóthas freisin faoin modúl Cuimsitheach, beidh na pointí sonraí atá le fáil in C2 ag comhlánú na faisnéise arna soláthar faoi B2.

Bunmhodúl – Méadracht Chomhshaoil

B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa

32. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Nochtfaidh an gnóthas a thomhaltas fuinnimh iomlán in Mwh. Más féidir leis an fhaisnéis is gá a fháil chun miondealú den sórt sin a sholáthar, nochtfaidh an gnóthas miondealú freisin de réir an tábla thíos:

	Fuinneamh in-athnuaite	Fuinneamh neamh-inathnuaite	Iomlán
Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fóntais)			
Breoslaí			

33. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Nochtfaidh an gnóthas a **dhearbh-ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)** measta a ghintear le linn na tréimhse tuairiscithe i dtionail méadracha de choibhéis CO₂ (tCO₂eq) i bhfianaise ábhar Chaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótaic GCT (2004), lena n-áirítear:

- (a) *na hastaíochtaí GCT Scóip 1* i dtónaí coibhéiseacha tCO₂ (ó fhoinsí faoi úinéireacht nó rialaithe); agus
- (b) *astaíochtaí suíomhbhunaithe Scóip 2* i dtónaí coibhéiseacha tCO₂ (i.e. astaíochtaí ó ghiniúint an fhuinnimh cheannaithe, amhail leictreachas, teas, gal nó fuarú).

B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach

34. Nochtfaidh an gnóthas astaíochtaí truailléan san aer, san uisce agus san ithir óna n-oibríochtaí dílse féin a gceanglaítear air a thuairisciú d'údarais inniúla le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, nó a thuairiscíonn sé go deonach de réir Córas Bainistíochta Comhshaoil. Má tá an fhaisnéis le fáil go poiblí cheana féin, mar mhalairt rogha féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don doiciméad ina dtuairiscítear é, mar shampla, tríd an nasc ábhartha URL a sholáthar nó trí hipearnasc a leabú.

B5 – Bithéagsúlacht

35. Má tá *láithreáin* nó suíomhanna ag an ngnóthas i *limistéar atá iógair ó thaobh na bithéagsúlachta* (BSA) nó *gar dó*, nochtfaidh sé iad, agus ainm an BSA.

B6 – Uisce

36. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Nochtfaidh an gnóthas a *aistarraingt uisce* iomlán, i.e. an méid uisce a tharraingítear isteach i dtéorainneacha na heagraíochta (nó na saoráide).
37. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Má tá próisis táirgthe i bhfeidhm ag an ngnóthas a ídíonn an t-uisce go suntasach (e.g. próisis fuinnimh theirmigh amhail triomú nó táirgeadh cumhachta, táirgeadh earraí, uisciú talmhaíochta, etc.), nochtfaidh sé a *tomhaltas uisce* arna ríomh mar an difríocht idir a *aistarraingt uisce* agus sceitheadh uisce óna phróisis táirgthe. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Ina theannta sin, cuirfidh na gnóthais sin i láthair ar leithligh an méid uisce a thomhailtear ag *láithreáin* atá suite i limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce.

B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola

38. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Nochtfaidh an gnóthas cé acu a chuireann sé nó nach gcuireann sé *prionsabail an gheilleagair chiorclaigh* i bhfeidhm, agus má chuireann, an chaoi a gcuireann sé na prionsabail sin i bhfeidhm.
39. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:
- (a) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] meáchan iomlán na dramhaíola a ghintear, le miondealú idir dramhaíl ghuaiseach agus *dramhaíl neamhghuaiseach*;
 - (b) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] an cion dramhaíola a atreoraítear chuig *athchúrsáil* nó ullmhúchán lena athúsáid;
 - (c) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] má oibríonn an gnóthas in earnáil a úsáideann sreabha suntasacha ábhar (mar shampla monaraíocht, foirgníocht, pacáistíocht nó eile), mais-sreabhadh bliantúil na n-ábhar ábhartha a úsáidtear.

Bunmhodúl – Méadracht shóisialta

B8 – Lucht saothair – Saintréithe ginearálta

40. Nochtfaidh an gnóthas an líon fostaithe a áirítear le *fostaithe* nó an choibhéis lánaimseartha le haghaidh na méadrachta seo a leanas:
- (a) an cineál conartha fostaíochta (sealadach nó buan);
 - (b) inscne;
 - (c) tír an chonartha fostaíochta, má oibríonn an gnóthas i níos mó ná tír amháin.

B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht

41. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir lena chuid *fostaithe*:

- (a) an líon agus an ráta timpistí *intaifeadta a bhaineann leis an obair*;
- (b) faoi réir srianta dlíthiúla, suim na mbásanna mar thoradh ar thionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair agus *drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair*.

B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint

42. Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

- (a) cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann na *fostaithe pá* atá cothrom leis an *bpá* íosta nó os a chionn don tír ar a dtuairiscíonn sé, arna chinneadh go díreach le dlí an phá náisiúnta íosta nó trí *chomhaontú cómhargála*;
- (b) má cheanglaítear ar an ngnóthas cheana féin le dlí an Aontais⁸ nó le rialacháin náisiúnta eile an bhearna chéatadánach phá idir a fhostaithe bainearna agus fireanna a thuairisciú, nochtfaidh sé í;
- (c) an céatadán fostaithe a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála;
- (d) meánlíon na n-uaireanta *oiliúna* bliantúla in aghaidh an fhostaí.

Bunmhodúl – Méadracht rialachais

B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht

43. I gcás ciontuithe agus fineálacha sa tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh an gnóthas an líon ciontuithe, agus an méid iomlán fineálacha arna dtabhú as dlíthe frith-*éillithe* agus frith-*bhreabaireachta* a shárú.

Modúl cuimsitheach

- 44. Leis an modúl seo soláthraítear nochtáí chun aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar riachtanais faisnéise chomhpháirtithe gnó an ghnóthais, amhail infheisteoirí, baine agus cliaint chorpáraideacha i dteannta na riachtanas a áirítear sa Bhunmhodúl. Léirítear sna nochtáí sa mhodúl seo oibleagáidí sonracha rannpháirtithe sa mhargadh agus cliant corparáideach faoi dhlíthe agus rialacháin ábhartha. Léiríonn siad freisin an fhaisnéis a theastaíonn ó na comhpháirtithe gnó, chun measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca inbhuanaitheachta an ghnóthais, e.g. mar sholáthróir (féideartha) nó iasachtaí (féideartha).
- 45. Tá treoraíocht bhreise maidir le nochtáí C1 go C9 ar fáil ar shuíomh gréasáin agus Mol Eolais an Ghrúpa Comhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais.

Modúl cuimsitheach – Faisnéis ghinearálta

C1 – Straitéis: Samhail Ghnó agus Inbhuanaitheacht – Tionscnaimh Ghaolmhara

- 46. Nochtfaidh an gnóthas príomheilimintí a shamhla gnó agus a straitéise, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - (a) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] tuairisc ar ghrúpaí móra táirgí agus/nó seirbhísí a thairgtear;
 - (b) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] tuairisc ar mhargadh mór (ar mhargáí móra) ina n-oibríonn an gnóthas (amhail Gnólacht le Gnólacht, mórdhiolachán, miondiolachán, tíortha);

⁸Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (OJ L 132, 17.5.2023, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/970/oj>).

- (c) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] tuairisc ar na príomhchaidreamh gnó (amhail príomhsholáthróirí, custaiméirí, sleabhra dáilte); agus
- (d) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] má tá na príomheilimintí a bhaineann le saincheisteanna inbhuanaitheachta nó a dhéanann difear dóibh le fáil sa straitéis, tuairisc ghairid ar na príomheilimintí sin.

C2 – Tuairisc ar chleachtais, beartais agus tionscnaimh a bheidh ann amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe

- 47. Má tá **cleachtais** shonracha, **beartais** nó tionscnaimh amach anseo chun aistriú i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe curtha i bhfeidhm ag an ngnóthas, a thuairiscigh sé cheana féin faoi nochtadh B2 sa Bhunmhodúl, tabharfaidh sé tuairisc ghairid orthu. I gcás ina gcuimhdaítear soláthróirí nó cliaint leis an gcleachtas/ beartas/ tionscnaimh a bheidh ann amach anseo, luafaidh an gnóthas an méid sin) Ina theannta sin, má tá **spriocanna** sainaitheanta ag an ngnóthas chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas in B2, tabharfaidh sé tuairisc ghairid orthu.
- 48. Féadfaidh an gnóthas a thabhairt le fios cén leibhéal is sinsearaí sa ghnóthas (i.e. duine nó comhlacht) atá freagrach as na **cleachtais**, na **beartais** agus na tionscnaimh sin amach anseo a chur chun feidhme nuair a chinnfidh an gnóthas é sin.

Modúl Cuimsitheach – Méadracht chomhshaoil

Ábhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bunmhodúl)

- 49. Ag brath ar an gcineál gníomhaíochtaí a dtugann an gnóthas fúthu, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí cainníochtú a astaíochtaí GCT Scóip 3 a nochtadh (féach mír 12 den Chaighdeán seo) chun faisnéis ábhartha a tháirgeadh maidir le **tionchair shlabhra luacha** an ghnóthais ar an athrú aeráide. Na gnóthais a oibríonn le próisis mhonaraíthe, agraibhia, foirgníochta réadmhaoine agus phacáistíochta, is dócha go mbainfidh catagóirí suntasacha Scóip 3 leo, a d'fhéadfaí a mheas mar ábhartha don tuairisciú in earnáil an ghnóthais.
- 50. Is **astaíochtaí indíreacha GCT** iad astaíochtaí Scóip 3 (seachas Scóip 2) a dhiorthaíonn ó **shlabhra luacha** gnóthais. Orthu sin áirítear na gníomhaíochtaí atá réamhtheachtach ar oibríochtaí an ghnóthais (e.g. earraí agus seirbhísí ceannaithe, earraí caipitil ceannaithe, earraí ceannaithe a iompar, etc.) agus gníomhaíochtaí atá iartheachtach ar oibríochtaí an ghnóthais (e.g. iompar agus dáileadh tháirgí an ghnóthais, táirgí díolta a úsáid, infheistíochtaí, etc.).
- 51. Má dhéanann an gnóthas cinneadh an mhéadracht sin a chur ar fáil, ba cheart dó tagairt a dhéanamh do na 15 chineál astaíochtaí GCT Scóip 3 arna sainithint le Caighdeán Corparáideach Phrótacal GCT agus arna mionsonrú leis an gCaighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe do Shlabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT (Scóip 3). Ar thuairisciú dó faoi astaíochtaí GCT Scóip 3, cuirfidh an gnóthas san áireamh catagóirí suntasacha Scóip 3 (de réir *Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe (Scóip 3) do Shlabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT*) bunaithe ar a mheasúnú féin ar chatagóir ábhartha Scóip 3. Is féidir le gnóthais teacht ar thuilleadh treoraíochta maidir le modhanna sonracha ríomha le haghaidh gach catagóire i dTreoraíocht Theicniúil an Phrótacail GCT chun Astaíochtaí Scóip 3 a ríomh.
- 52. Agus a chuid **astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2** á dtuairisciú ag an ngnóthas, má nochtann sé faisnéis atá sonrach don eintiteas faoina chuid astaíochtaí Scóip 3, cuirfidh sé i láthair í in éineacht leis an bhfaisnéis a shonraítear faoi B3 – Fuinneamh agus **astaíochtaí gás ceaptha teasa**.

C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide

- 53. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Má tá **spriocanna** laghdaithe astaíochtaí GCT leagtha síos ag an ngnóthas, nochtfaidh sé a spriocanna i bhfoirm dearbhluchanna le haghaidh **astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2**. I gcomhréir le míreanna 49 go 52 thuas, agus má tá spriocanna laghdaithe Scóip 3 socraithe aige, soláthróidh an gnóthas spriocanna freisin le haghaidh astaíochtaí suntasacha Scóip 3. Go háirithe, soláthróidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) an spriocbhliain agus an luach don spriocbhliain;

- (b) an bhonnbhliain agus an luach don bhonnbhliain;
 - (c) na haonaid a úsáideadh do na spriocanna;
 - (d) an sciar de Scóip 1, Scóip 2 agus, má nochtar é, Scóip 3 lena mbaineann an sprioc; agus
 - (e) liosta **príomhghníomhartha** a fhéachann sé lena gcur chun feidhme lena spriocanna a bhaint amach.
54. Más rud é go bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide glactha ag an ngnóthas a oibríonn in earnálacha **ardtionchair** aeráide⁹, féadfaidh sé faisnéis a sholáthar faoi, lena n-áirítear míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé ag rannchuidiú chun a chuid astaíochtaí GCT a laghdú.
55. I gcás ina n-oibríonn an gnóthas in earnálacha **ardtionchair** aeráide agus nach bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé le fios an bhfuil rún aige plan aistrithe den sórt sin a ghlacadh, agus má tá, an uair a ghlacfaidh sé plan den sórt sin.

C4 – Rioscaí aeráide

56. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Má tá guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a bhaineann leis an aeráid sainaitheanta ag an ngnóthas, rud a chruthóidh rioscaí comhlána don ghnóthas a bhfuil baint acu leis an aeráid, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc ghairid a thabhairt ar na guaiseacha sin a bhaineann leis an aeráid agus ar na teagmhais aistrithe sin a bhaineann leis an aeráid;
 - (b) an chaoi a ndearna sé measúnú ar neamhchosaint agus íogaireacht a chuid sócmhainní, gníomhaíochtaí agus **slabhra luacha** ar na guaiseacha agus teagmhais aistrithe sin a nochtadh;
 - (c) **na hamlínite** d'aon ghuaire a bhaineann leis an aeráid agus d'aon teagmhas aistrithe arna sainaitheant a nochtadh; agus
 - (d) cé acu atá nó nach bhfuil **gníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide** déanta aige le haghaidh aon ghuaire a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a nochtadh.
57. Féadfaidh an gnóthas tionchair dhiúltacha fhéideartha na rioscaí aeráide a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá fheidhmíocht airgeadais nó dá oibríochtaí gnó sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a nochtadh, agus a thabhairt le fios cé acu a mheasann sé na rioscaí sin a bheith ina rioscaí arda, meánacha nó ísle.

Modúl cuimsitheach – Méadracht shóisialta

C5 – Saintréithe breise (ginearálta) den lucht saothair

58. [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] Nochtfaidh an gnóthas ráta láimhdeachais na **bhfostaithe** le haghaidh na tréimhse tuairiscithe.
59. Féadfaidh an gnóthas an cóimheas idir mná agus fir a nochtadh ar an leibhéal bainistíochta le haghaidh na tréimhse tuairiscithe.
60. Féadfaidh an gnóthas an líon daoine féinfhostaithe gan foireann a nochtadh atá ag obair don ghnóthas ar bhonn eisiach, agus oibríthe sealadacha arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil den chuid is mó do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta'.

C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair dílis féin - Beartais agus próisis um chearta an duine

61. Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceistanna seo a leanas:

⁹Na hearnálacha ag a bhfuil tionchar mór ar an aeráid, is iad na hearnálacha sin a liostaítear i Ranna A go H de NACE agus i Roinn M de NACE mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

- (a) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] An bhfuil cód iompair nó **beartas** um chearta an duine ag an ngnóthas dá **lucht saothair dílis féin**? (TÁ/NÍL)
- (b) Má tá, an bhfuil an méid seo a leanas cumhdaithe leis sin:
- saothar leanaí** (TÁ/ NÍL);
 - saothar éigeantais** (TÁ/ NÍL);
 - gáinneáil ar dhaoine** (TÁ/NÍL);
 - idirdhealú** (TÁ/NÍL);
 - timpistí a chosc** (TÁ/NÍL); nó
 - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh).
- (c) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] An bhfuil sásra láimhseála gearán ag an ngnóthas dá lucht saothair dílis féin? (TÁ/ NÍL)

C7 – Teagmhais maidir le cearta an duine

62. Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceistanna seo a leanas:

- (a) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] An bhfuil **teagmhais** deimhnithe ag an ngnóthas ina **lucht saothair dílis féin** a bhaineann leis an méid seo a leanas:
- saothar leanaí** (TÁ/ NÍL);
 - saothar éigeantais** (TÁ/ NÍL);
 - gáinneáil ar dhaoine** (TÁ/ NÍL);
 - idirdhealú** (TÁ/NÍL); nó
 - eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh).
- (b) Má tá, féadfaidh an gnóthas tuairisc a thabhairt ar na **gníomhaíochtaí** atá idir lámha chun aghaidh a thabhairt ar na teagmhais ar a dtugtar tuairisc thuas.
- (c) [Deonach i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu] An bhfuil an gnóthas ar an eolas faoi aon teagmhas deimhnithe **a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha, pobail a ndéantar difear dó, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh** a sainaitníodh sa tréimhse tuairiscithe? Má tá, sonraigh.

Modúl cuimsitheach – Méadracht rialachais

C8 — Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe

63. Má tá an gnóthas gníomhach in earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas, nochtfaidh sé ioncaim ghaolmhara a dhíorthaítear as gníomhaíochtaí sna hearnálacha seo a leanas:

- (a) tionscal na n-arm toirmiscthe¹⁰ (mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm cheimiceacha nó airm bhitheolaíocha);

¹⁰Tacaíonn an fhaisnéis le riachtanais faisnéise rannpháirtithe margaidh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochtchionchair phríomha, mar a leagtar amach le táscaire #14 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochtchionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla (IO L 196, 25.7.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1288/oj), agus comhseasmhach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1775 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1288 maidir leis an sainmhíniú ar airm toirmiscthe (IO L, 2025/1775, 30.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1775/oj).

- (b) saothrú agus táirgeadh tobac¹¹;
- (c) earnáil na mbreoslaí iontaise (gual, ola agus gás), lena n-áirítear dí-chomhiomlánú ioncam a dhíorthaítear ó ghual, ola agus gás¹²;
- (d) táirgeadh ceimiceán¹³, i.e., tagann a ghníomhaíochtaí faoi Rannán 20.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais

64. Má tá comhlacht *rialachais* i bhfeidhm ag an ngnóthas, nochtfaidh an gnóthas an cóimheas gaolmhar éagsúlachta inscní.

¹¹Tacaíonn an fhaisnéis seo le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i gcomhair Thagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17, ELI. http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1818/oj) mar a leagtar amach le mír b) d'Airteagal 12.1.

¹²Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil na mbreoslaí iontaise').

¹³Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí a tháirgeann ceimiceáin').

Foscúbhinn A: Téarmaí sainmhínithe

Dlúthchuid den chaighdeán í an fhoscúbhinn seo.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Timpistí a chosc	Le cosc timpistí, tagraítear do na beartais agus tionscnaimh atá ann chun timpistí sa láthair oibre a chosc, agus chun sábháilteacht agus folláine fostaithe a áirithiú. Ní hamháin go n-áirítear leis sin bearta chun rioscaí fisiceacha a laghdú, ach baineann sé freisin le timpeallacht oibre shábháilte ionchuimsitheach a chothú nach bhfuil idirdhealú ná ciapadh le fáil inti.
Gníomhaíochtaí	Tagraíonn gníomhaíochtaí do (i) ghníomhaíochtaí agus pleananna gníomhaíochta (lena n-áirítear pleananna aistrithe) a dhéantar chun a áirithiú go mbainfidh an gnóthas spriocanna arna leagan síos amach agus trína bhféachann an gnóthas le haghaidh a thabhairt ar thionchair, rioscaí agus ar dheiseanna ábhartha; agus (ii) cinntí chun tacú leo sin le hacmhainní airgeadais, daonna nó teicneolaíochta. Is féidir le gníomhaíochtaí a bheith ina ngníomhaíochtaí aonair, nach ndéanann ach an gnóthas amháin, nó ina ngníomhaíochtaí comhchoiteanna, is é sin, iarrachtaí comhoibríocha a dhéanann grúpa páirtithe leasmhara — amhail gnóthais, rialtais, an tsochaí shibhialta, nó pobail — chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte nó chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, go háirithe nuair nach féidir le haon ghníomhaí aonair na spriocanna sin a bhaint amach go héifeachtach agus é ag obair ina aonar.
Pobail a ndéantar difear dóibh	Daoine nó grúpa/grúpaí a chónaíonn nó a oibríonn sa limistéar geografach céanna a ndéantar oibríochtaí an ghnóthais nó a shlabhra luacha difear dó nó a bhféadfadh oibríochtaí an ghnóthais nó a shlabhra luacha réamhtheachtaigh agus iartheachaigh difear a dhéanamh dó. Féadfaidh pobail a chónaíonn in aice oibríochtaí an ghnóthais (pobail áitiúla) nó iad sin a chónaíonn go cianda a bheith sna pobail dá ndéantar difear. Áirítear leis na pobail a ndéantar difear dóibh, pobail dhúchasacha a ndéantar difear iarbhair nó ionchasach dóibh.
Limistéir atá fogair ó thaobh na bithéagsúlachta	Seo a leanas cad is limistéir atá fogair ó thaobh na bithéagsúlachta ann: (a) limistéir a chosnaítear trí mhodhanna dlíthiúla nó trí mhodhanna éifeachtacha eile, lena n-áirítear Natura 2000, Láithreáin Oidhreacht Domhanda Nádurtha UNESCO, láithreáin Ramsar, agus limistéir eile faoi chosaint, mar shampla limistéir arna sainiú ag foinsí reachtaíochta náisiúnta; agus (b) limistéir a áirítear faoi Phríomhlimistéir bithéagsúlachta, limistéir mhuirí atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta nó na bitheolaíochta, Liosta Dearg IUCN Éiceachóras nó gnáthóg de chuid na speiceas a liostaítear i Liosta Dearg IUCN na Speiceas faoi Bhagairt (a aithnítear go heolaíoch mar gheall ar a dtábhacht don bithéagsúlacht).
Breabaireacht	A chur ina luí ar dhuine go mímhacánta gníomhú chun do leasa trí bhronntanas airgid nó aslach eile a thabhairt dó.
Saothar Leanaí	Obair a bhaineann a n-óige, a n-acmhainn agus a ndínt de leanaí, agus atá díobhálach dá bhforbairt fhisiceach agus mheabhrach. Tagraíonn sé d'obair: (a) atá contúirteach ar bhonn meabhrach, fisiceach, sóisialta nó morálta agus díobhálach do leanaí; nó (b) a chuireann isteach ar a scolaíocht tríd an deis freastal ar scoil a bhaint díobh nó trína chur d'oibleagáid orthu an scoil a fhágáil roimh am; nó (c) nó a cheanglaíonn orthu féachaint le freastal ar scoil agus obair róthrom agus rófhada a dhéanamh san am céanna.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
	Sainmhínítear leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cé acu is féidir nó nach féidir 'saothar leanai' a thabhairt ar chineálacha áirithe 'oibre', is rud é a bhraitheann ar aois an linbh, ar chineál agus uaireanta na hoibre a dhéantar agus ar na dálaí faoina ndéantar í. Níl an freagra mar an gcéanna i ngach tír, ná i ngach earnáil laistigh de thíortha. Níor cheart an aois íosta oibre a bheith níos lú ná an aois íosta ag a dtugtar an scolaíocht éigeantach i gcrích agus, in aon chás, níor cheart í a bheith níos lú ná 15 bliana de réir Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Uimh. 138 maidir le hAois Íosta. D'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann i roinnt tíortha nach bhfuil forbairt leormhaith ar a ngeilleagair ná ar a saoráidí oideachais, agus is infheidhme aois íosta 14 bliana. Is é EIS a shonraíonn na tíortha eisceachta sin mar fhreagairt ar iarratas speisialta ón tír lena mbaineann agus i gcomhairle le heagraíochtaí ionadaíocha fostóirí agus oibrithe. Le dlíthe náisiúnta, féadfar cead a thabhairt daoine idir 13 bliana agus 15 bliana d'aois a fhostú ar obair éadrom fad nach dócha go mbeidh an obair sin díobhálach dá sláinte ná dá bhforbairt agus nach dtiocfadh sí roimh thábhacht na scolaíochta nó na rannpháirtíochta i gclár ghairmoideachais nó oiliúna. I gcás obair ar dócha go gcuirfidh sí sláinte, sábháilteacht nó moráltacht daoine óga i mbaol, mar gheall ar chineáil nó ar imthosca na hoibre sin, ní bheidh an aois íosta chun bheith ag gabháil don obair sin níos lú ná 18 mbliana.
Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh	Seo iad prionsabail an gheilleagair chiorclaigh: (a) dramhail agus truailliú a dhíothú trí tháirgí agus ábhair a dhearadh ionas gur féidir leo dul ar ais sa gheilleagar tar éis a n-úsáide; (b) táirgí agus ábhair a scaipeadh (ag a luach is airde) trína gcoinneáil ar bun, trína n-athúsáid agus trína n-athchóiriú; agus (c) an dúlra a athghiniúint trí dhíriú ar thimpeallachtaí nádúrtha a fheabhsú agus ar phríomhfheidhmeanna éiceolaíocha a athbhunú.
Faisnéis rúnaicmithe	Faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴, ciallaíonn 'faisnéis rúnaicmithe' faisnéis nó ábhar, i bhfoirm ar bith, a bhféadfadh nochtadh neamhúdaraith ina leith a bheith ina chúis le leibhéil éagsúla de dhochar do leasanna an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, agus ar a bhfuil marc rúnaicmithe de chuid an Aontais nó marc rúnaicmithe comhfhreagrach, de réir mar a bhunaítear é sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh.
Oiriúnú don athrú aeráide	An próiseas chun oiriúnú don athrú aeráide iarbhír agus don athrú aeráide a bhfuil coinne leis agus dá thionchair.
Maolú ar an athrú aeráide	An próiseas a bhaineann le hastaíochtaí GCT a laghdú agus leis an méadú ar an meántocht dhomhanda a choimeád faoi bhun 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.
Cómhargáil	An chaibidlíocht uile a dhéantar idir fostóir, grúpa fostaithe nó ceann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí fostóirí, ar thaobh amháin, agus ceann amháin nó níos

¹⁴Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibrioch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj>).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
	mó de cheardchumainn nó, ina n-éagmais sin, ionadaithe na n-oibrithe arna dtoghadh agus arna n-údarú go cuí acu i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta, ar an taobh eile, chun: i) dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a chinneadh; nó ii) an caidreamh idir fostóirí agus oibrithe a rialáil; agus/nó an caidreamh idir fostóirí nó a n-eagraíochtaí agus eagraíocht oibrithe nó eagraíochtaí oibrithe a rialáil.
Tomhaltóirí	Daoine aonair a fhaigheann, a thomhlaíonn nó a úsáideann earraí agus seirbhísí le haghaidh úsáid phearsanta, dóibh féin nó do dhaoine eile, agus ní chun críoch athdhiola, tráchtála nó trádála, gnó, ceardaíochta ná gairme.
Éilliú	Mí-úsáid a bhaint as cumhacht a fuarthas ar iontaoibh chun leas príobháideach, rud is féidir daoine aonair nó eagraíochtaí a ghríosú. Áirítear leis cleachtais amhail íocaíochtaí éascaíochta, calaois, sracadh, claonpháirteachas agus sciúradh airgid. Áirítear leis freisin aon bhronntanas, iasacht, táille, dámhachtain nó buntáiste eile a thugann aon duine d'aon duine eile nó a fhaigheann aon duine ó aon duine eile mar aslach chun rud éigin a dhéanamh a bheadh mímhacánta, neamhdhleathach nó ina shárú iontaobhais in iompar gnó an ghnóthais. Is féidir a áireamh orthu sin airgead tirim nó sochair chomhchineáil, amhail earraí saor in aisce, bronntanais, agus laethanta saoire, nó seirbhísí pearsanta speisialta a sholáthraítear chun críche buntáiste mhíchúí, nó brú morálta a d'fhéadfadh a bheith ann dá dheasca chun buntáiste den sórt sin a fháil.
Idirdhealú	Is go díreach nó go hindíreach a dhéantar idirdhealú. Tarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine aonair ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear, nó a gcaithfí, le daoine eile a bhfuil cásanna comhchosúla acu, agus inarb é an rud is cúis leis saintréith ar leith den duine sin, rud is 'foras cosanta' ann. Idirdhealú indíreach a bheidh ann i gcás ina dtabharfaidh riail, ar cosúil gur riail neodrach í, míbhuntáiste do dhuine nó do ghrúpa a bhfuil na saintréithe céanna i bpáirt acu. Ní mór a léiriú, i gcomparáid le grúpa comparáide, go dtugann cinneadh míbhuntáiste do ghrúpa.
Fostaí	Duine aonair atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas de réir an dlí náisiúnta nó de réir cleachtas náisiúnta.
Úsáideoirí deiridh	Daoine a úsáideann nó a bheartaítear go n-úsáidfídh siad táirge nó seirbhís áirithe iarbhir.
Saothar éigeantais	Gach obair nó seirbhís a bhaintear as aon duine atá faoi bhagairt pionóis agus nár chuir an duine é féin ar fáil go saorálach ina leith. Cuimsítear leis an téarma gach cás ina gcuirtear iallach ar dhuine ar aon bhealach obair a dhéanamh agus áirítear leis cleachtais thraidisiúnta ar 'geall le sclábhaíocht' iad agus cineálacha comhaimseartha comhéigin a bhaineann dúshaothrú saothair leo, rud lena bhféadfaí gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht an lae inniu a áireamh.
Rialachas	Is éard is rialachas ann an córas rialacha, cleachtas agus próiseas trína ndírítear agus a rialaítear cuideachta.
Gáis ceaptha teasa (GCT)	Na gáis a liostaítear i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ¹⁵ . Áirítear orthu sin dé-ocsaíd

¹⁵Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
	charbóin (CO ₂), Meatán (CH ₄), Ocsaíd Nítriúil (N ₂ O), heicseafluairíd sulfair (SF ₆), trífhluairíd nítrigine (NF ₃), HFCanna, sárfluoracarbóin (PFCanna).
Ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT)	Ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) is ea an líon iomlán astaíochtaí GCT a scaoileann an gnóthas san atmaisféar, gan aon asbhaint le haghaidh aistrithe dé-ocsaíde carbóin ná coigeartuithe eile a chur san áireamh.
Dramhaíl ghuaiseach	Dramhaíl a léiríonn ceann amháin nó níos mó de na saintréithe guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dramhaíl ¹⁶ .
Gáinneáil ar dhaoine	Earcú, iompar, aistriú, tearmannú nó glacadh daoine, lena n-áirítear malartú nó aistriú rialaithe ar na daoine sin, tríd an lámh láidir nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meabhlaireachta, nó mí-úsáide cumhachta a bhagairt nó a úsáid ar dhuine atá i staid leochaileach, nó íocaíochtaí nó buntáistí a thabhairt nó a fháil chun toiliú duine a fháil a bhfuil cumhacht aige ar dhuine eile, chun críche an dúshaothraithe.
Teagmhas	Caingean dlí nó gearán a chláraítear leis an ngnóthas nó le húdaráis inniúla trí phróiseas foirmiúil, nó cás neamhchomhlíonta a shainaitníonn an gnóthas trí nósanna imeachta bunaithe. Ar nósanna imeachta bunaithe chun cásanna neamhchomhlíonta a shainaitint is féidir iniúchtaí ar chóras bainistíochta, cláir faireacháin fhoirmiúla, nó sásraí casaoide a áireamh.
Astaíochtaí suíomhbhunaithe Scóip 2	Astaíochtaí ó leictreachas, teas, gal, agus fuarú arna gceannach nó arna bhfáil agus a thomhail an chuideachta thuairiscithe, arna ríomh leis na modh 'leithdháilte' suíomh-bhunaithe, lena leithdháiltear astaíochtaí gineadóirí ar úsáideoirí deiridh. Léirítear iontu meándlús astaíochtaí na n-eangach ar a dtarlaíonn an tomhadas fuinnimh agus úsáidtear sonraí na meánfhachtóirí astaíochta ar fud na heangaí den chuid is mó iontu. Baineann gnáthfhoinsí astaíochtaí Scóip 2 le haon trealamh lena dtomhlaítear leictreachas (innill leictreacha, soilse, foirgnimh, etc.), teas (téamh i bpróisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.), gal (próisis thionsclaíocha) agus fuarú (próisis thionsclaíocha, foirgnimh, etc.).
Gar (Limistéar atá Íogair ó thaobh na Bithéagsúlachta de)	I gcomhthéacs B5 – Bithéagsúlacht, le 'Gar do' tagrófar do suíomh a fhorluíonn (go páirteach) nó atá in aice le limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta. Má tá láithreán an ghnóthais lasmuigh de limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta ach gan é cóngarach dó, féadfaidh an gnóthas a chinneadh freisin an bhfuil sé gar do limistéar den sórt sin trí limistéar tionchair an láithreáin a shainiú. Is féidir an réimse tionchair a chinneadh trí achair mhaolánacha a chur i bhfeidhm a bhaineann go sonrach le cineál gníomhaíochta an ghnóthais de réir ceanglais rialála, moltaí colaíochtbhunaithe agus dea-chleachtas tionscail.
Lucht saothair dílis/oibrithe dílse féin	Fostaithe atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas ('fostaithe') chomh maith le neamhfhostaithe ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') nó daoine a sholáthair gnóthais a ghabhann go príomha do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta' (Cód NACE O78).

Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj>).

¹⁶Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj>).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Pá	An gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon luach saothair eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach ('comhpháirteanna comhlántacha agus athraitheacha'), óna fhostóir/óna fhostóir as ucht a fhostaíochta/a fostaíochta. Ciallaíonn 'leibhéal pá' pá bliantúil comhlán agus an pá comhlán comhfhreagrach in aghaidh na huaire.
Beartas (nó beartais)	Tacar nó creat cuspóirí ginearálta agus prionsabal bainistíochta a úsáideann an gnóthas i gcomhair cinnteoireachta. Is le beartas a chuirtear straitéis nó cinntí bainistíochta an ghnóthais chun feidhme, ar cinntí iad a bhaineann le saincheist inbhuanaitheachta ábhartha. Tá gach beartas faoi chúram duine (daoine) sainithe, sonraítear ann a pheiriméadar feidhme, agus áirítear leis cuspóir amháin nó níos mó (nasctha nuair is infheidhme maidir le spriocanna intomhaiste). Cuirtear beartas chun feidhme trí ghníomhaíochtaí nó pleananna gníomhaíochta.
Cleachtais	Tionscnamh amháin nó níos mó a bhaineann le saincheisteanna inbhuanaitheachta a chuireann an t-gnóthas i bhfeidhm i dtreo geilleagar níos inbhuanaithe. I gcás gnóthais bheaga, is minic a chuirtear sraith cleachtas in ionad beartas.
Timpiste intaifeadta a bhaineann leis an obair	Is éard is timpiste a bhaineann leis an obair ann 'teagmhas scoite a tharlaíonn le linn na hoibre as a dtagann díobháil choirp nó intinne'. Tá teagmhas den sórt sin intaifeadta má bhíonn bás nó níos mó ná trí lá neamhláithreachta ón obair mar thoradh air.
Drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair	Cás drochshláinte a bhaineann leis an obair is ea aon tinneas arb iad tosca san ionad oibre is cúis leis nó a dhéanann níos measa é nó arb é a bheith ar neamhchosaint ar thoise riosca fisiceach, eagraíochtúil, ceimiceach nó bitheolaíoch nó ar mheascán de na tosca sin is cúis leis go príomha. Tá cás den sórt sin intaifeadta má bhíonn bás nó neamhláithreachta ón obair mar thoradh air.
Athchúrsáil	Aon oibríocht aisghabhála ina ndéantar ábhair dhramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta (féach Treoir 2008/98/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).
Fuinneamh In-athnuaite	Fuinnimh as foinsí neamhiontaise in-athnuaite, is é sin fuinneamh gaoithe, grianfhuinneamh (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótvoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, fuinneamh tonnta agus fuinneamh in-athnuaite muirí, hidreachumhacht, bithmhais, gás láithreáin líonta, gás ó ghléasra cóireála séarachais, agus bithghás ¹⁷ .
Athúsáid (dramhaíl)	Aon oibríocht trína mbaintear úsáid an athuair as táirgí agus comhpháirteanna táirgí nach dramhaíl iad chun na críche céanna dár ceapadh iad. D'fhéadfadh glanadh nó coigeartuithe beaga a bheith i gceist leis sin ionas go mbeidh siad ullamh don chéad úsáid eile gan go leor réamhphróiseála.
Astaíochtaí GCT Scóip 1	Astaíochtaí GCT díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht an ghnóthais nó á rialú aige.

¹⁷Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj>).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Astaíochtaí GCT Scóip 2 (nó astaíochtaí Scóip 2)	Tarlaíonn astaíochtaí indíreacha mar iarmhairt ar oibríochtaí an ghnóthais ach tarlaíonn siad ag foinsí atá faoi úinéireacht gnóthais eile nó á rialú ag gnóthas eile. Astaíochtaí indíreacha is ea astaíochtaí GCT Scóip 2 a gineadh ó leictreachas, gal, teas nó fuarú arna gceannach nó arna bhfáil agus a thomhail an gnóthas.
Astaíochtaí GCT Scóip 3 (nó astaíochtaí Scóip 3)	Gach astaíocht GCT indíreach (nach n-áirítear in astaíochtaí GCT Scóip 2) a tharlaíonn i slabhra luacha an ghnóthais tuairiscithe, lena n-áirítear astaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachacha araon. Is féidir astaíochtaí GHG Scóip 3 a mhiondealú de réir chatagóirí Scóip 3.
Láithreán (nó láithreáin)	I gcomhthéacs an chaighdeáin dheonaigh, is éard is láithreán ann suíomh fisiceach ina n-oibríonn an gnóthas. Ar shamplaí den sórt sin tá monarchana, feirmeacha, mianaigh, oifigí nó lárionaid seirbhíse, bonnagar nó saoráidí. Is féidir láithreáin a chomhroinnt le heagraíochtaí eile freisin (e.g. féadfaidh an gnóthas áitreabh oifige a roinnt le gnóthais eile).
Tionchar a bhaineann le hinbhuanaitheacht (nó tionchar)	An éifeacht atá ag an ngnóthas nó a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcomhshaoil agus ar dhaoine, lena n-áirítear éifeachtaí ar chearta an duine, a bhaineann lena oibríochtaí dílse féin agus lena shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachach, lena n-áirítear trína chuid táirgí agus seirbhísí, agus trína ghaolmhaireachtaí gnó. Na tionchair, d'fhéadfaidís a bheith ann nó ionchasach, diúltach nó dearfach, beartaithe nó neamhbheartaithe, agus in-aisiompairthe nó do-aisiompairthe. Féadfaidh siad teacht chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma. Le tionchair, léirítear rannchuidiú an ghnóthais, bíodh sé diúltach nó dearfach, leis an bhforbairt inbhuanaithe.
Spriocanna	Spriocanna atá intomhaiste, dírithe ar thorthaí agus faoi cheangal arb é is aidhm don FBM iad a bhaint amach i ndáil le saincheisteanna inbhuanaitheachta. Féadfaidh an gnóthas iad a shocrú go deonach nó féadfaidh siad teacht ó cheanglais dlí atá ar an ngnóthas. Le sprioc ní hamháin gur féidir feabhsuithe a chuimsiú ach cothabháil na dtorthaí a baineadh amach freisin nó caomhnú na leibhéal comhsheasmhach feidhmíochta.
Amlínte	Le linn dó a thuarascáil inbhuanaitheachta a ullmhú, glacfaidh an gnóthas na hamlínte seo a leanas: (a) don amlíne ghearrthéarmach, 1 bhliain amháin; (b) don amlíne mheántéarmach, idir 2 agus 5 bliana; agus (c) don amlíne fhadtéarmach, níos mó ná 5 bliana.
Rún trádála	Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943 (Treoir maidir le Rúin Trádála ¹⁸), is éard is rún trádála ann faisnéis a chomhlíonann na ceanglais uile seo a leanas: (a) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a théann i ngleic de ghnáth leis an gcineál sin faisnéise i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i bhfoirmíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna; (b) tá luach tráchtála aige toisc go bhfuil sé faoi rún; (c) tá sí faoi réir bearta réasúnacha, faoi na cúinsí sin, a rinne an duine a bhí i gceannas go dleathach ar an bhfaisnéis, chun í a choinneáil faoi rún;

¹⁸Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le saineolas neamhnóchta agus faisnéis ghnó (rúin trádála) a chosaint ar a bhfáil agus ar a n-úsáid neamhdhleathach agus ar a nochtaidh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj>).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Oiliúint	Tionscnaimh a chuireann an gnóthas i bhfeidhm a bhfuil sé d'aidhm acu scileanna agus eolas a oibríthe dílse féin a choinneáil ar bun agus/nó a fheabhsú. Is féidir modheolaíochtaí éagsúla a áireamh inti, amhail oiliúint ar an láthair, agus oiliúint ar líne.
Slabhra luacha	An raon iomlán gníomhaíochtaí, acmhainní agus caidreamh a bhaineann le samhail ghnó an ghnóthais agus an timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn sé. Le slabhra luacha cuimsítear na gníomhaíochtaí, acmhainní agus caidrimh a úsáideann an gnóthas agus a mbíonn sé ag brath orthu chun a tháirgí nó a sheirbhísí a chruthú óna dtionscnamh go dtí a dtabhairt i gcrích, a dtomhaltas agus deireadh a ré. Áirítear le gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí ábhartha an méid seo a leanas: a) iad siúd in oibríochtaí dílse an ghnóthais, amhail acmhainní daonna; b) iad siúd feadh a bhealaí soláthair, margaíochta agus dáilte, amhail ábhair agus foinsiú seirbhíse agus díol agus seachadadh táirgí agus seirbhísí; agus c) na timpeallachtaí maoiniúcháin, geografacha, geopholaitiúla agus rialála ina n-oibríonn an gnóthas. Le slabhra luacha áirítear gníomhaithe atá réamhtheachtach agus iartheachtach maidir leis an ngnóthas. Gníomhaithe atá réamhtheachtach maidir leis an ngnóthas (e.g. soláthróirí), soláthraíonn siad táirgí nó seirbhísí a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí an ghnóthais a fhorbairt. Faigheann eintitis atá iartheachtach maidir leis an ngnóthas (e.g. dáileoirí, custaiméirí) táirgí nó seirbhísí ón ngnóthas.
Pá	Pá comhiomlán, gan comhpháirteanna athraitheacha amhail pá ragoibre agus dreasachta a áireamh, agus gan liúntais a áireamh ach amháin má tá siad ráthaithe.
Dramhaíl	Aon substaint nó réad a dhiúscaíonn an sealbhóir, a bhfuil sé beartaithe aige a dhiúscairt, nó a gceanglaítear air a dhiúscairt (féach Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dramhaíl).
Tomhatas uisce	An méid uisce a tharraingítear isteach faoi teorainneacha an ghnóthais agus nach sceitear ar ais sa timpeallacht uisce nó chuig tríú páirtí le linn na tréimhse tuairiscithe.
Sceithedh uisce	Suim na n-eisilteach agus an uisce eile a fhágann teorainneacha an ghnóthais agus a scaoiltear isteach in uisce dromchla, screamhuisce nó chuig tríú páirtithe le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Strus maidir le huisce	An cumas, nó easpa cumais, freastal ar an éileamh daonna agus éiceolaíoch ar uisce. Is coincheap cuimsitheach é strus maidir le huisce lena gcuirtear san áireamh roinnt gnéithe fisiciúla a bhaineann le hacmhainní uisce, lena n-áirítear infhaighteacht uisce, cáilíocht uisce, agus inrochtaineacht uisce (i.e. an bhfuil daoine in ann úsáid a bhaint as soláthairtí uisce atá ar fáil go fisiciúil), rud a fheidhmíonn go minic mar fheidhm de leordhóthanacht an bhonneagair agus d'inacmhainneacht uisce, i measc nithe eile.
Asbhaint uisce	Suim an uisce uile a tharraingítear isteach faoi teorainneacha an ghnóthais as gach foinse le haghaidh aon úsáid le linn na tréimhse tuairiscithe.
Oibrí sa slabhra luacha	Duine a dhéanann obair i slabhra luacha an ghnóthais, gan beann ar chaidreamh conarthach a bheith ann leis an ngnóthas nó cineál an chaidrimh sin. Sa chaidreamh deonach, maidir le raon feidhme na n-oibríthe sa slabhra luacha, áirítear na hoibríthe uile i slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais a bhfuil tionchar ábhartha ag an ngnóthas orthu nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an ngnóthas orthu. Áirítear orthu sin tionchair atá nasctha le hoibríochtaí dílse an ghnóthais, agus leis an slabhra luacha, lena n-áirítear trína chuid táirgí nó seirbhísí, agus trína chaidrimh gnó. Áirítear orthu

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
	sin na hoibrithe uile nach dtagann faoi raon feidhme ‘Lucht Saothair Dílis’ (áirítear le ‘Lucht saothair dílis’ daoine atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas (‘fostaithe’) chomh maith le neamhfhostaithe ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas (‘daoine féinfhostaithe’) nó daoine a sholáthair gnóthais a ghabhann go príomha do ghníomhaíochtaí fostaíochta). (Cód NACE O78).

Foscíbhinn B: Liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha

Is dlúthchuid den Chaighdeán í an fhoscíbhinn thíos agus soláthraítear léi liosta de shaincheisteanna inbhuanaitheachta féideartha.

Topaicí	Fothopaicí
Athrú aeráide	Maolú ar an athrú aeráide
	Oiriúnú don athrú aeráide
	Fuinneamh
Truailliú	Truailliú aeir
	Truailliú uisce
	Truailliú ithreach
	Substaintí ar údar imní iad lena n-áirítear substaintí arb údar mór imní iad.
	Micreaphlaistigh
Uisce	Úsáid uisce, lena n-áirítear aistarraingt, tomhaltas, sceitheadh agus stóráil
Bithéagsúlacht agus éiceachórais	Cúiseanna leis an mbithéagsúlacht agus le hathrú ar éiceachórais (lena n-áirítear athrú ar ghnáthóga talún agus muirí, speicis ionracha)
	Staid na speiceas
	Fairsinge agus riocht na n-éiceachóras talún agus muirí
	Seirbhísí éiceachórais
An geilleagar ciorclach agus úsáid acmhainní	Insreafaí acmhainní
	Eis-sreafaí acmhainní a bhaineann le táirgí agus seirbhísí
	EIS-sreafaí acmhainní (dramhaíl)
Lucht Saothair dílis féin agus Oibrithe sa Slabhra Luacha	Dálaí oibre (lena n-áirítear pá leordhóthanach, cothromaíocht oibre is saoil, am oibre, fostaíocht shlán) agus cosaint shóisialta
	Idirphlé sóisialta, sairse comhlachais, comhairlí oibreacha, cearta rannpháirtíochta oibrithe, agus cómhargáil
	Sláinte agus sábháilteacht
	Forbairt oiliúna agus scileanna

	Éagsúlacht agus cóir chomhionann (lena n-áirítear comhionannas inscne, pá comhionann as obair chomhionann, fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas, neamh-idirdhealú, frithchiapadh, bearta in aghaidh foréigin)
	Toipicí eile faoi chearta daonna a bhaineann le saothar (lena n-áirítear saothar leanaí, saothar éignithe, príobháideachas agus tithíocht leordhóthanach, uisce agus sláintíocht)
Pobail a ndéantar difear dóibh	Cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha pobal (lena n-áirítear tionchair a bhaineann le talamh, tionchair a bhaineann le slándáil, tithíocht agus bia leordhóthanach, uisce agus sláintíocht)
	Cearta sibhialta agus polaitiúla pobal (lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil, tionchair ar chosantóirí chearta an duine)
	Cearta na bpobal dúchasach (lena n-áirítear saorthoilíú feasach roimh ré, féinchinntiúchán, cearta cultúrtha)
Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh	Tionchair a bhaineann le faisnéis do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí (lena n-áirítear príobháideachas, rochtain ar fhaisnéis, saoirse chun tuairimí a nochtadh)
	Sábháilteacht phearsanta tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint leanaí, slándáil duine)
	Cuimsiú sóisialta tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear rochtain ar tháirgí agus ar sheirbhísí, cleachtais mhargaíochta fhreagracha, neamh-idirdhealú)
Iompar Gnó	Cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, cosaint sceithirí agus leas ainmhithe;
	Tionchar polaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta
	Bainistíocht ar ghaolmhaireachtaí le soláthróirí lena n-áirítear cleachtais íocaíochta, go háirithe íocaíochtaí déanacha le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBManna)

Foscúirbhinn C: Faisnéis chúlra le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais ar úsáideoirí na faisnéise iad a tháirgtear tríd an gCaighdeán seo a úsáid (réiteach le rialacháin eile an Aontais Eorpaigh)

Tá an fhoscúirbhinn ábhartha d'úsáideoirí na tuarascála inbhuanaitheachta. Léirítear sa tábla thíos Pointí Sonraí Airgeadais Inbhuanaithe atá i láthair i modúil dhifriúla den Chaighdeán seo lena gcomhlíontar iarrataí ó chineálacha iolracha úsáideoirí (bainc, infheisteoirí, gnóthais mhóra).

Sa cholún 'Uimhir agus Teideal DR' na nochtaí atá i láthair sna modúil dhifriúla (i.e. Bunmhodúl, agus Modúl cuimsitheach) ar pointí sonraí Airgeadais Inbhuanaithe iad. Sa cholún Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó an Rialachán maidir le Tagarmharcanna, léirítear an chaoi a mbaineann na nochtaí sin leis na rialacháin sin atá ábhartha d'úsáideoirí na tuarascála inbhuanaitheachta (bainc, infheisteoirí eile).

Topaic: Comhshaol / Sóisialta / Rialachas	Uimhir agus Teideal DR	Tábla 1 RNAI agus/nó Colún 3 ÚBE agus/nó Rialachán maidir le Tagarmharcanna												
Bunmhodúl														
Faisnéis ghinearálta	B1 – An bunús leis an ullmhú Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: vii. geoshuíomh láithreán atá faoina úinéireacht, atá ar léas aige nó a bhainistíonn sé.	Colún 3 ÚBE ¹⁹												
Comhshaol	B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Nochtfaidh an gnóthas a thomhaltas fuinnimh iomlán in MWh, maille le miondealú de réir an tábla thíos, más féidir leis an fhaisnéis riachtanach a fháil chun miondealú den sórt sin a sholáthar: <table><tr><td></td><td>Fuinneamh in-athnuaite</td><td>Fuinneamh neamh-inathnuaite</td><td>Iomlán</td></tr><tr><td>Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fónais)</td><td></td><td></td><td></td></tr><tr><td>Breoslaí</td><td></td><td></td><td></td></tr></table>		Fuinneamh in-athnuaite	Fuinneamh neamh-inathnuaite	Iomlán	Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fónais)				Breoslaí				RNAI ²⁰
	Fuinneamh in-athnuaite	Fuinneamh neamh-inathnuaite	Iomlán											
Leictreachas (mar a léirítear i mbillí fónais)														
Breoslaí														

¹⁹An ceanglas maidir le nochtheadh seo, tá sé comhseasmhach leis na ceanglais a áirítear Rialachán Tarmlichthe (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022i lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 a mhéid a bhaineann le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtheadh (IO L 324,19.12.2022, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2453/oj) - Teimpléad 5: Leabhar baincéireachta - Riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach.

²⁰Rialachán Tarmlichthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún, táscaire éigeantach #5 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Sciar de thomhaltas fuinnimh agus táirgeachta neamh-inathnuaite').

Comhshaol	B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa Nochtfaidh an gnóthas a dhearbhaíollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) measta a ghintear le linn na tréimhse tuairiscithe i dtónaí méadracha de choibhéis CO₂ (tCO₂eq) i bhfianaise ábhar Chaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT (2004), lena n-áirítear: (a) astaíochtaí GCT Scóip 1 i dtónaí coibhéiseacha tCO₂(ó fhoinsí faoi úinéireacht nó rialaithe); agus (b) astaíochtaí suíomhbhunaithe Scóip 2 i dtónaí coibhéiseacha tCO₂ (i.e. astaíochtaí ó ghiniúint an fhuinnimh cheannaithe, amhail leictreachas, teas, gal nó fuarú).	RNAI²¹ Tagarmharc²²
Comhshaol	B4 – Truailliú an aeir, an uisce agus na hithreach Má cheanglaítear ar an ngnóthas de réir an dlí nó rialacháin náisiúnta eile a chuid astaíochtaí truailléan a thuairisciú d'údaráis inniúla, nó má thuairiscítear go deonach iad de réir Córas Bainistíochta Comhshaoil, nochtfaidh sé astaíochtaí na dtuailléan san aer, san uisce agus san ithir mar chuid dá oibríochtaí dílse féin. Má tá an fhaisnéis le fáil go poiblí cheana féin, mar mhalairt rogha féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don doiciméad ina dtuairiscítear é, mar shampla, tríd an nasc ábhartha URL a sholáthar nó trí hipearnasc a leabú.	RNAI²³
Comhshaol	B5 – Bithéagsúlacht [Riachtanach más infheidhme] Má tá láithreáin nó suíomhanna ag an ngnóthas i limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta (BSA) nó gar dó, nochtfaidh sé iad, agus ainm an BSA.	RNAI²⁴
Comhshaol	B7 – Úsáid acmhainní, geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:	RNAI²⁵

²¹Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscairí éigeantacha #1 agus #2 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('astaíochtaí gás ceaptha teasa'; Lorg carbóin').

²²Airteagail 5 (1), 6 agus 8 (1) de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais, nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj>).

²³Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) toisc go n-eascraíonn sí as (a) táscaire sainordaitheach breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #2 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Tarmligthe sin maidir le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Astaíochtaí na dTruaileán aeir'); (b) táscaire #8 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí chun uisce'); (c) táscaire #1 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí truailléan neamhorgánach'); agus (d) táscaire #3 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I ('Astaíochtaí substaintí idithe ózoin').

²⁴Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire sainordaitheach #7 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Gníomhaíochtaí a dhéanann difear diúltach do limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta').

²⁵Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Tarmligthe sin maidir le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl radaighníomhach').

	(a) meáchan iomlán na dramhaíola a ghintear, maille le miondealú idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl neamhghuaiseach;	
Sóisialta	B9 – Lucht saothair – Sláinte agus sábháilteacht Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir lena chuid fostaíthe: (a) an líon agus an ráta timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair; (b) faoi réir srianta dlíthiúla, suim na mbásanna mar thoradh ar thionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair agus drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair.	RNAI²⁶ Tagarmharc²⁷
Sóisialta	B10 – Lucht saothair – Luach saothair, cómhargáil agus oiliúint Nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (b) an bhearna chéatadánach phá idir a fhostaithe bainearna agus fireanna má cheanglaítear ar an ngnóthas é sin a nochtadh cheana féin le dlí an Aontais ²⁸ ;	RNAI²⁹ Tagarmharc³⁰
Rialachas	B11 – Ciontuithe agus fineálacha mar gheall ar éilliú agus breabaireacht I gcás ciontuithe agus fineálacha sa tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh an gnóthas an líon ciontuithe, agus an méid iomlán fineálacha arna dtabhú as dlíthe frith-éillithe agus frith-bhreabaireachta a shárú.	Tagarmharc³¹ RNAI³²
Modúl cuimsitheach		

²⁶Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), mar léiriú ar tháscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #2 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Tarmligthe sin a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('An ráta timpistí')

²⁷Tacaíonn an fhaisnéis seo le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an míniú sa ráiteas tagarmhairc ar an gcaoi a léirítear tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i ngach tagarmharc a sholáthraítear agus a fhoilsítear (IO L 406, 3.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1816/oj), mar a leagtar amach leis an táscaire 'Meánchóimheas ualaithe timpistí, gortuithe, básanna' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II den Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816.

²⁸Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023

²⁹Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscaire éigeantach #12 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Bearna phá idir na hinscní neamhchoigeartaithe')

³⁰Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, táscaire 'Meán ualaithe na bearna pá idir na hinscní' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

³¹Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún maidir le Tagarmharcanna, an táscaire 'Líonta ciontuithe agus an méid fineálacha mar gheall ar shárúithe dlíthe frithéillithe agus frithbhreabaireachta' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816.

³²Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), mar léiriú ar tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire # 17 Tábla 3 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Tarmligthe sin ('An líon ciontuithe agus méid na bhfineálacha as sárúithe ar dhlíthe inéillithe agus fadbhreathnaitheachta ag institiúidí infheistíúcháin').

Comhshaol	Abhar machnaimh agus tuairisciú á dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi B3 (Bun mhodúl) Agus a chuid astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 á dtuairisciú ag an ngnóthas, má nochtann sé faisnéis atá sonrach don eintiteas faoina chuid astaíochtaí Scóip 3, cuirfidh sé i láthair í in éineacht leis an bhfaisnéis a shonraítear faoi B3 – Fuinneamh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.	RNAI³³ Tagarmharc³⁴
Comhshaol	C3 – Spriocanna laghdaithe GCT agus aistriú aeráide Má tá spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT leagtha síos ag an ngnóthas, nochtfaidh sé a spriocanna i bhfoirm dearbhluachanna le haghaidh astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2. I gcomhréir le míreanna 49 go 52 thuas, agus má tá spriocanna laghdaithe Scóip 3 socráithe aige, soláthróidh an gnóthas spriocanna freisin le haghaidh astaíochtaí suntasacha Scóip 3. Go háirithe, soláthróidh sé an méid seo a leanas: (a) an spriocbhliain agus an luach don spriocbhliain; (b) an bhonnbhliain agus an luach don bhonnbhliain; (c) na haonaid a úsáideadh do na spriocanna; (d) an sciar de Scóip 1, Scóip 2 agus, má nochtar é, Scóip 3 lena mbaineann an sprioc; agus (e) liosta de phríomhghníomhartha a fhéachann sé lena gcur chun feidhme lena spriocanna a bhaint amach. Más rud é go bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide glactha ag an ngnóthas a oibríonn in earnálacha ardtionchair aeráide³⁵, féadfaidh sé faisnéis a sholáthar faoi, lena n-áirítear míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé ag rannchuidiú chun a chuid astaíochtaí GCT a laghdú. I gcás ina n-oibríonn an gnóthas in earnálacha ardtionchair aeráide agus nach bhfuil plan aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide i bhfeidhm aige, tabharfaidh sé le fios an bhfuil rún aige plan	RNAI³⁶ Tagarmharc³⁷ Colún 3 ÚBE³⁸ Tagarmharc³⁹

³³Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI), táscairí éigeantacha #1 agus #2 i dtábla 1 d'Iarscríbhinn I ('astaíochtaí gás ceaptha teasa'; Lorg carbóin').

³⁴Rialachán (AE) 2016/1011, Airteagail 5 (1), 6 agus 8 (1).

³⁵ Na hearnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus i Roinn M de NACE mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, sin iad na hearnálacha ardtionchair aeráide.

³⁶ Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) toisc go n-eascaíonn sí as táscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil tionscnaimh laghdaithe astaíochtaí carbóin acu').

³⁷Tá an fhaisnéis sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020.

³⁸Tá an fhaisnéis seo ailínithe le hAirteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/2026-06-26>); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 a mhéid a bhaineann le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh (OJ L 324, 19.12.2022, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2453/oj) - Teimpléad 3: Leabhar baincéireachta - Táscairí maidir le riosca aistrithe féideartha an athraithe aeráide: méadracht ailínithe.

³⁹Tá an fhaisnéis seo ailínithe le hAirteagal 2 (1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1,

	aistrithe den sórt sin a ghlacadh, agus má tá, an uair a ghlacfaidh sé plean den sórt sin.	
Comhshaol	C4 – Rioscaí aeráide Má tá guaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus teagmhais aistrithe a bhaineann leis an aeráid sainaitheanta ag an ngnóthas, rud a chruthóidh rioscaí don ghnóthas a bhfuil baint acu leis an aeráid, déanfaidh sé an méid seo a leanas: (a) tuairisc ghairid a thabhairt ar na guaiseacha sin a bhaineann leis an aeráid agus ar na teagmhais aistrithe sin a bhaineann leis an aeráid; (b) an chaoi a ndearna sé measúnú ar neamhchosaint agus íogaireacht a chuid sócmhainní, gníomhaíochtaí agus slabhra luacha ar na guaiseacha agus ar na teagmhais aistrithe sin a nochtadh; (c) na hamlínte d’aon ghuais a bhaineann leis an aeráid agus d’aon teagmhas aistrithe arna sainaitheant a nochtadh; agus (d) cé acu atá nó nach bhfuil gníomhartha oiriúnaithe don athrú aeráide déanta aige le haghaidh aon ghuaise a bhaineann leis an aeráid agus le teagmhais aistrithe a nochtadh.	Tagarmharc⁴⁰ Colún 3 ÚBE⁴¹

ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj>, agus le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún.

⁴⁰Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún Iarscríbhinn II: Tosca comhshaoil atá le breithniú ag sócmhainní foluiteacha an tagarmhairc.

⁴¹ Colún 3 ÚBE: ITS - Teimpléad 5: Leabhar baincéireachta - Riosca fisiceach a bhaineann leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach; agus Colún 3 ÚBE: ITS - Teimpléad 2: Leabhar baincéireachta - Táscairí maidir le riosca aistrithe féideartha an athraithe aeráide: Iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin dhochorraithe - Éifeachtúlacht fuinnimh na comhthaobhachta.

	Féadfaidh an gnóthas tionchair dhiúltacha fhéideartha na rioscaí aeráide a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá fheidhmíocht airgeadais nó dá oibríochtaí gnó sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma a nochtadh, agus a thabhairt le fios an measann sé na rioscaí sin a bheith ina rioscaí arda, meánacha nó ísle.	
Sóisialta	C6 – Faisnéis bhreise maidir lena lucht saothair dílis féin - Beartais agus próisis um chearta an duine Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas: (a) An bhfuil cód iompair nó beartas um chearta an duine ag an ngnóthas dá lucht saothair dílis féin? (TÁ/NÍL) (b) Má tá, an bhfuil an méid seo a leanas cumhdaithe leis sin: i. saothar leanaí (TÁ/ NÍL); ii. saothar éigeantais (TÁ/ NÍL); iii. gáinneáil ar dhaoine (TÁ/NÍL); iv. idirdhealú (TÁ/NÍL); v. timpistí a chosc (TÁ/NÍL); nó vi. eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh). An bhfuil sásra láimhseála gearán ag an ngnóthas dá lucht saothair dílis féin? (TÁ/ NÍL)	Tagarmharc⁴² RNAI⁴³

⁴²Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna fachtóirí CSR a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach leis an táscaire 'Neamhchosaint na punainne tagarmhairc do chuideachtaí nach bhfuil beartais díchill chuí acu a dtugtar aghaidh orthu le Coinbhinsiún bhunúsacha 1 go 8 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

⁴³Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I ('Sciar d'infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil beartais acu le faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht le prionsabail UNGC nó le Treoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta nó sásraí láimhseála casaoide/gearán chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe de phrionsabail UNGC nó Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta') agus le táscaire #5 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I ('Sciar na n-infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin nach bhfuil aon sásra láimhseála casaoide/gearán atá bainteach le cúrsaí fostaithe') agus le táscaire #9 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I ('Sciar na n-infheistíochtaí in eintitis nach bhfuil beartas chearta an duine acu') a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe.

Sóisialta	C7 – Teagmhais maidir le cearta an duine Nochtfaidh an gnóthas freagra ar na ceisteanna seo a leanas: (a) An bhfuil teagmhais dheimhnithe ag an ngnóthas dá lucht saothair dílis féin a bhaineann leis an méid seo a leanas: i. saothar leanaí (TÁ/ NÍL); ii. saothar éigeantais (TÁ/ NÍL); iii. gáinneáil ar dhaoine (TÁ/ NÍL); iv. idirdhealú (TÁ/NÍL); nó v. eile? (TÁ/NÍL – má tá, sonraigh). (b) Má tá, féadfaidh an gnóthas tuairisc a thabhairt ar na gníomhartha atá idir lámha chun aghaidh a thabhairt ar na teagmhais ar a dtugtar tuairisc thuas. (c) An feasach don ghnóthas faoi aon teagmhas deimhnithe a bhain le hoibrithe sa slabhra luacha, pobail dá ndéantar difear, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh arna sainaithint sa tréimhse thuairiscithe? Má tá, sonraigh é.	RNAI⁴⁴ Tagarmharc⁴⁵
Rialachas	C8 — Ioncaim ó ghníomhaíochtaí áirithe Má tá an gnóthas gníomhach in earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas, nochtfaidh sé ioncaim ghaolmhara a dhíorthaítear as gníomhaíochtaí sna hearnálacha seo a leanas: (a) tionscal na n-arm toirmisce (mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm cheimiceacha nó airm bhitheolaíocha);	RNAI⁴⁶ Tagarmharc⁴⁷

⁴⁴Tacaíonn an fhaisnéis seo le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla I d'Iarscríbhinn I, agus le táscaire #14 i dTábla III d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún maidir le rialacha nochta i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Sárúithe ar phrionsabail UNGC agus treoirilnte ECFE le haghaidh Fiontair Innáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais thromchúiseacha maidir le cearta an duine').

⁴⁵Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise na riarthóirí tagarmharcanna chun fachtóirí CSR a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach leis an táscaire 'Líon comhpháirteanna an tagarmhairc atá faoi réir sárúithe sóisialta (dearbhlíon agus líon coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coibhinsiúin idirnáisiúnta, prionsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, an dlí náisiúnta' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

⁴⁶Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #14 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún, agus comhsheasmhach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1775 ón gCoimisiún.

⁴⁷Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagal 12(1): 'Eisiafaidh riarthóirí Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Páras gach ceann de na cuideachtaí seo a leanas ó na tagarmharcanna sin: cuideachtaí atá rannpháirteach in aon ghníomhaíocht a bhaineann le hairm thoirmisce;' agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 Iarscríbhinn II, Ranna 1, 2 agus 5: Meán ualaithe céatadán comhpháirteanna tagarmharcanna in earnáil na n-armán conspóideach.'

	(b) saothrú agus táirgeadh tobac ⁴⁸ ;	Colún 3 ÚBE⁴⁹ Tagarmharc⁵⁰
	(c) earnáil na mbreoslaí iontaise (gual, ola agus gás), lena n-áirítear dí-chomhiomlánú ioncam a dhíorthaítear ó ghual, ola agus gás ⁵¹ ;	RNAI⁵² Colún 3 ÚBE⁵³ Tagarmharc⁵⁴
	(d) táirgeadh ceimiceán ⁵⁵ , i.e., tagann a ghníomhaíochtaí faoi Rannán 20.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.	RNAI⁵⁶ Colún 3 ÚBE⁵⁷

⁴⁸Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1818 mar a leagtar amach i mír b) d'Airteagal 12.1.

⁴⁹ Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí a mhonaraíonn táirgí tobac a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12(1) agus i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún.

⁵⁰Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún mar a leagtar amach le mír b) d'Airteagal 12(1) den Rialachán sin agus Roinn 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816: 'Meánchéatadán ualaithe na gcomhpháirteanna tagarmharcanna sa tionscal tobac.'

⁵¹Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil na mbreoslaí iontaise').

⁵²Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil na mbreoslaí iontaise').

⁵³ Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí mianadóireachta agus cairéalachta a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointí (d) go (g), agus i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún.

⁵⁴Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagal 12(1).

⁵⁵Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí a tháirgeann ceimiceáin').

⁵⁶Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle toisc go n-eascaíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfeistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí a tháirgeann ceimiceáin').

⁵⁷ Colún 3 ÚBE: Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta - Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cuideachtaí mianadóireachta agus cairéalachta a eisiatar ó Thagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras i gcomhréir le hAirteagal 12(1), pointí (d) go (g), agus Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún.

Rialachas	C9 – Cóimheas éagsúlachta inscne sa chomhlacht rialachais Má tá comhlacht rialachais i bhfeidhm ag an ngnóthas, nochtfaidh an gnóthas an cóimheas gaolmhar éagsúlachta inscní.	Tagarmharc⁵⁸ RNAI⁵⁹
-----------	--	--

IARSCRÍBHINN II

Liosta nochtai a chumhdaítear leis an gcaidhp ar an slabhra luacha

Tugtar forbhreathnú san Iarscríbhinn seo ar na nochtai a chumhdaítear leis an gcaidhp ar an slabhra luacha i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu agus i gcás gnóthais a bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí acu.

Uimhir DR	Tagairt	Topaic/pointe sonraí	Caidhp ar an slabhra luacha i gcás gnóthais a bhfuil 10 bhfostaí nó níos lú acu	Caidhp ar an slabhra luacha i gcás gnóthais a bhfuil níos mó ná 10 bhfostaí acu
Bunmhodúl				
B1	Mír 27, pointe (a), fophointí (i) agus (ii)	Rogha modúil roghnaithe (bunúsach agus/nó cuimsitheach)	X	X
B1	Mír 27, pointe (c)	Rogha an bhoinn tuairiscithe (aonair nó comhdhlúite)	X	X
B1	Mír 27, pointe (e), fophointí ó (i) go (vii)	Faisnéis maidir leis an ngnóthas ginearálta	X	X
B3	Mír 32, an chéad abairt	Tomhaltas iomlán fuinnimh MWh		X
B3	Mír 33	Dearbh-ollastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) arna meas		X
B6	Mír 36	Aistarraingt iomlán uisce		X
B7	Mír 38, an chéad abairt	Cur i bhfeidhm phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh		X

⁵⁸Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna tosca an Ghrúpa um an Seimeastar Eorpach a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún mar a leagtar amach le táscaire ‘Meánchóimheas ualaithe idir comhaltaí boird baineanna agus fireanna’ i roinn 1 agus 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

⁵⁹Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toise go n-eascraíonn sé ó táscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #13 i dTábla 1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe (‘Éagsúlacht inscne an Bhoird’).

B7	Mír 39, pointe (a)	Meáchan iomlán na dramhaíola a ghintear, maille le miondealú idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl neamhghuaiseach		X
B7	Mír 39, pointe (b)	Cion na dramhaíola a atreoraíodh chuig a hathchúrsáil nó a hathúsáid		X
B8	Mír 40, pointe (a)	Líon na bhfostaithe (de réir líon na ndaoine nó de réir coibhéis lánaimseartha) de réir chineál an chonartha fostaíochta	X	X
B8	Mír 40, pointe (b)	Líon na bhfostaithe (de réir líon na ndaoine nó de réir coibhéis lánaimseartha) de réir inscne	X	X
B9	Mír 41, pointe (a)	An líon agus an ráta timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair;	X	X
B10	Mír 42, pointe (a)	Cé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann na fostaithe pá atá cothrom leis an bpá íosta is infheidhme, nó os a chionn, i gcás na tíre ar a dtuairiscíonn siad	X	X
B10	Mír 42, pointe (c)	An céatadán fostaithe a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála;	X	X
B10	Mír 42, pointe (d)	Meánlíon na n-uaireanta oiliúna bliantúla in aghaidh an fhostaí	X	X
Modúl cuimsitheach				
C1	Mír 46, pointe (a)	Tuairisc ar ghrúpaí suntasacha táirgí agus/nó seirbhísí arna dtairiscint;		X
C1	Mír 46, pointe (b)	Tuairisc ar mhargadh mór nó ar mhargaí móra ina n-oibríonn an gnóthas		X
C1	Mír 46, pointe (c)	Tuairisc ar na príomhchaidrimh ghnó		X
C5	Mír 58	Ráta athraithe fostaithe		X
C6	Mír 61, pointe (a)	Cód iompair nó beartas maidir le cearta an duine		X
C6	Mír 61, pointe (c)	Sásra láimhseála gearán		X
C7	Mír 62, pointe (a), fophointí ó (i) go (v)	Teagmhais dheimhnithe ina lucht saothair dílis féin		X
C7	Mír 62, pointe (c), an chéad abairt	Teagmhas dheimhnithe a bhain le hoibrithe sa slabhra luacha, pobail a ndéantar difear dóibh, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh?		X